2025/337 24.2.2025

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/337 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 20 Feabhra 2025**

**maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh earraí piriteicniúla a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), earraí piriteicniúla atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, nó le codanna ábhartha díobh, a bhfoilsítear sonraí tagartha dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na buncheanglais sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

(2) An 14 Lúnasa 2007, d'eisigh an Coimisiún iarraidh ar chaighdeánú M/416 chun tacú le Treoir 2007/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN). San iarraidh sin, d'iarr an Coimisiún ar CEN caighdeáin maidir le tinte ealaíne a tharraingt suas, inar cuimsíodh, *inter alia*, liosta earraí a thagann faoi chatagóir P1 (earraí piriteicniúla, seachas tinte ealaíne agus earraí piriteicniúla amharclainne, a mbaineann guais íseal leo), liosta earraí nach dtagann faoin gcatagóir sin chomh maith le nós imeachta nó critéir lena gcinntear cén t-earra a thagann faoi chatagóir P1. Tagairtí do na caighdeán arna nglacadh ag CEN mar fhreagairt ar an iarraidh sin, foilsíodh na tagairtí sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 12 Bealtaine 2017 trí bhíthin Theachtaireacht 2017/C 149/01 ón gCoimisiún ([4]), a tháinig in ionad na liostaí uile a foilsíodh roimhe sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(3) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 3011 ón gCoimisiún ([5]) d'iarr an Coimisiún ar CEN athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin chomhchuibhithe a bhí ann cheana maidir le hearraí piriteicniúla chun tacú le Treoir 2013/29/AE, a tháinig in ionad Threoir 2007/23/CE agus a d'aisghair an Treoir sin. I gcomhréir leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, chuaigh sainordú um chaighdeánú M/416 in éag an 13 Meitheamh 2022.

(4) Rinne CEN athbhreithniú ar chaighdeáin chomhchuibhithe EN 15947-1:2015, EN 15947-2:2015, EN 15947-3:2015, EN 15947-4:2015 agus EN 15947-5:2015, ar bhonn shainordú um chaighdeánú M/416 agus ghlac sé sraith caighdeán nua EN 15947:2022, codanna 1 go 5, an 5 Deireadh Fómhair 2022. Tháinig na caighdeáin nua sin in ionad shraith EN 15947:2015 (codanna 1 go 5). Mar sin féin, níor chuir CEN ach codanna 2 go 5 de shraith

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Treoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hearraí piriteicniúla a chur ar fáil ar an margadh (IO L 178, 28.6.2013, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/29/oj).

([3]) Treoir 2007/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 maidir le hearraí piriteicniúla a chur ar an margadh (IO L 154, 14.6.2007, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2007/23/oj).

([4]) Teachtaireacht 2017/C 149/01 ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hearraí piriteicniúla a chur ar fáil ar an margadh (IO C 149, 12.5.2017, lch. 1).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 3011 ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2022 maidir leis an iarraidh ar chaighdeánú chuig an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú a mhéid a bhaineann le hearraí piriteicniúla chun tacú le Treoir 2013/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

EN 15947:2022 faoi bhráid an Choimisiúin lena lua in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ós rud é gur measadh nach raibh cuid 1, ina bhfuil sainmhínithe téarmaíochta, mar chuid den toimhde comhréireachta le haon cheann de bhuncheanglais sábháilteachta Threoir 2013/29/AE.

(5) Le litir dar dháta an 21 Samhain 2023, chuir an Coimisiún CEN ar an eolas nach raibh sé ar intinn aige tagairt a dhéanamh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* do chaighdeáin EN 15947-2:2022, EN 15947-3:2022, EN 15947-4:2022 agus EN 15947-5:2022, toisc nach gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach san iarraidh ar chaighdeánú i gCinneadh Cur Chun Feidhme C(2022) 3011 leis na caighdeáin sin agus, dá bhrí sin, ní chuirtear chun feidhme leo na buncheanglais sábháilteachta ábhartha a leagtar síos i dTreoir 2013/29/AE.

(6) Ós rud é go measann CEN go dtagann caighdeáin EN 15947-2:2022 EN 15947-3:2022, EN 15947-4:2022 agus EN 15947-5:2022 in ionad na gcaighdeán atá ann cheana a luaitear (EN 15947-2:2015, EN 15947-3:2015, EN 15947-4:2015 agus EN 15947-5:2015), ní féidir a mheas a thuilleadh go léirítear an úrscothacht sna caighdeáin sin agus go gcomhlíontar na buncheanglais sábháilteachta ábhartha, agus sa chomhthéacs gur dheimhnigh CEN nach raibh sé in ann caighdeáin nua a fhorbairt agus a chur isteach go luath amach anseo. Dá bhrí sin, is gá na tagairtí do shraith caighdeán comhchuibhithe EN 15947:2015 a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* toisc go ndearna CEN athbhreithniú ar na caighdeáin sin agus gur tháinig sraith caighdeán EN 15947:2022 ina n-ionad.

(7) Ós rud é nach dtacaíonn na sainmhínithe ar théarmaíocht a thugtar i gcaighdeáin EN ISO 14451-1:2013, EN 15947-1:2015, EN 16256-1:2012 agus EN 16261-1:2012 le haon cheann de na buncheanglais sábháilteachta a leagtar síos i dTreoir 2013/29/AE, is gá, dá bhrí sin, na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(8) Ar mhaithe le soiléireacht agus le trédhearcacht, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a glacadh chun tacú le Treoir 2013/29/AE agus a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ba cheart liosta iomlán nua de na tagairtí sin a fhoilsiú in aon ghníomh amháin.

(9) Is iomchuí, dá bhrí sin, Teachtaireacht 2017/C 149/01 a aisghairm.

(10) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go meastar go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe.

(11) Maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe a ghlactar mar fhreagairt ar iarrataí ar chaighdeánú, féadfaidh siad a bheith faoi réir iarrataí ar rochtain ar dhoiciméid i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]). Sa bhreithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 5 Márta 2024 i gCás C-588/21 P ([7]), *Public.Resource.Org agus Right to Know v. an Coimisiún agus Páirtithe Eile*, d'aithin an Chúirt go bhfuil leas sáraitheach poiblí ann, de réir bhrí Airteagal 4(2) de Rialachán (CE) 1049/2001, a thugann údar maith le caighdeáin chomhchuibhithe a nochtadh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh earraí piriteicniúla, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2013/29/AE agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo, déantar leis seo iad a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj).

([7]) Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 5 Márta 2024, *Public.Resource.Org agus Right to Know v. an Coimisiún agus Páirtithe Eile*, C-588/21 P, ECLI:EU:C:2024:201.

*Airteagal 2*

Aisghairtear Teachtaireacht 2017/C 149/01.

Mar sin féin, leanfaidh sé d'fheidhm a bheith aige maidir leis na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo go dtí an 24 Márta 2025.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Feabhra 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

| Uimh. | Uimhir thagartha an Chaighdeáin |
|---|---|
| 1. | EN ISO 14451-2:2013<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla le haghaidh feithiclí - Cuid 2: Modhanna tástála (ISO 14451-2:2013) |
| 2. | EN ISO 14451-3:2013<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla le haghaidh feithiclí - Cuid 3: Lipéadú (ISO 14451-3:2013) |
| 3. | EN ISO 14451-4:2013<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla le haghaidh feithiclí - Cuid 4: Ceanglais agus catagóiriú do mhionghineadóirí gáis (ISO 14451-4:2013) |
| 4. | EN ISO 14451-5:2013<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla le haghaidh feithiclí - Cuid 5: Ceanglais agus catagóiriú do ghineadóirí gáis le haghaidh málaí aeir (ISO 14451-5:2013) |
| 5. | EN ISO 14451-6:2013<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla le haghaidh feithiclí - Cuid 6: Ceanglais agus catagóiriú le haghaidh modúil mhálaí aeir (ISO 14451-6:2013) |
| 6. | EN ISO 14451-7:2013<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla le haghaidh feithiclí - Cuid 7: Ceanglais agus catagóiriú le haghaidh réamhtheannasóirí criosanna sábhála (ISO 14451-7:2013) |
| 7. | EN ISO 14451-8:2013<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla le haghaidh feithiclí - Cuid 8: Ceanglais agus catagóiriú le haghaidh adhainteoirí (ISO 14451-8:2013) |
| 8. | EN ISO 14451-9:2013<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla le haghaidh feithiclí - Cuid 9: Ceanglais agus catagóiriú le haghaidh gníomhróirí (ISO 14451-9:2013) |
| 9. | EN ISO 14451-10:2013<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla le haghaidh feithiclí - Cuid 10: Ceanglais agus catagóiriú le haghaidh táirgí leathchríochnaithe (ISO 14451-10:2013) |
| 10. | EN 16256-2:2012<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla amharclainne - Cuid 2: Catagóirí earraí piriteicniúla amharclainne |
| 11. | EN 16256-3:2012<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla amharclainne - Cuid 3: Ceanglais maidir le déanamh agus feidhmiú |
| 12. | EN 16256-4:2012<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla amharclainne - Cuid 4: Ceanglais íosta maidir le lipéadú agus treoracha úsáide |
| 13. | EN 16256-5:2012<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla amharclainne - Cuid 5: Modhanna tástála |
| 14. | EN 16261-2:2013<br>Earraí piriteicniúla - Tinte ealaíne, Catagóir 4 - Cuid 2: Ceanglais |
| 15. | EN 16261-3:2012<br>Earraí piriteicniúla - Tinte ealaíne, Catagóir 4 - Cuid 3: Modhanna tástála |
| 16. | EN 16261-4:2012<br>Earraí piriteicniúla - Tinte ealaíne, Catagóir 4 - Cuid 4: Ceanglais íosta maidir le lipéadú agus treoracha úsáide |

*IARSCRÍBHINN II*

| Uimh. | Uimhir thagartha an Chaighdeáin |
|---|---|
| 1. | EN ISO 14451-1:2013<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla le haghaidh feithiclí - Cuid 1: Téarmaíocht (ISO 14451-1:2013) |
| 2. | EN 15947-1:2015<br>Earraí piriteicniúla - Tinte ealaíne, Catagóir F1, F2 agus F3 - Cuid 1: Téarmaíocht |
| 3. | EN 15947-2:2015<br>Earraí piriteicniúla - Tinte ealaíne, Catagóir F1, F2 agus F3 - Cuid 2: Catagóirí agus cineálacha tinte ealaíne |
| 4. | EN 15947-3:2015<br>Earraí piriteicniúla - Tinte ealaíne, Catagóir F1, F2 agus F3 - Cuid 3: Ceanglais íosta maidir le lipéadú |
| 5. | EN 15947-4:2015<br>Earraí piriteicniúla - Tinte ealaíne, Catagóir F1, F2 agus F3 - Cuid 4: Modhanna tástála |
| 6. | EN 15947-5:2015<br>Earraí piriteicniúla - Tinte ealaíne, Catagóir F1, F2 agus F3 - Cuid 5: Ceanglais maidir le déanamh agus feidhmiú |
| 7. | EN 16256-1:2012<br>Earraí piriteicniúla - Earraí piriteicniúla amharclainne - Cuid 1: Téarmaíocht |
| 8. | EN 16261-1:2012<br>Earraí piriteicniúla - Tinte ealaíne, Catagóir 4 - Cuid 1: Téarmaíocht |